AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2025
COM(2025) 548 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus maoiniú na hullmhachta agus na freagartha i dtaca le héigeandálaí sláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE (Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta)

{SEC(2025) 545 final} - {SWD(2025) 545 final} - {SWD(2025) 546 final}

Iarscríbhinn

ROINN 1
GNÍOMHAÍOCHTAÍ COISCTHEACHA INCHÁILITHE FÉIDEARTHA (LIOSTA NEAMH-UILEGHABHÁLACH)

Gníomhaíochtaí lena gcomhlíontar an cuspóir a leagtar síos i bpointe (a) d'Airteagal 4(2):

(a) Cómhaoiniú tionscadal, staidéar, ceardlann, suirbhéanna, athbhreithnithe piaraí agus gníomhartha agus gníomhaíochtaí comhchosúla;

(b) Tacú leis na Ballstáit measúnuithe riosca, measúnuithe ar chumais bainistithe riosca, agus pleanáil bainistithe riosca ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal iomchuí fo-náisiúnta a fhorbairt agus a chur ar fáil go poiblí;

(c) Gníomhaíochtaí chun rochtain ar an mbonn eolais maidir le rioscaí tubaiste, comhroinnt agus feabhsú an bhoinn eolais sin a éascú, lena n-áirítear an glacadh le torthaí taighde eolaíoch agus nuálaíochta, dea-chleachtais agus faisnéis, leasanna coiteanna le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, measúnuithe riosca, gníomhaíochtaí mapála agus gníomhaíochtaí bainistithe riosca na mBallstát;

(d) I gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta, tacú leis na Ballstáit feabhas a chur ar bhailiú sonraí maidir le caillteanas de dheasca tubaiste ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal iomchuí fo-náisiúnta;

(e) Tacú leis na Ballstáit feabhas a chur ar phleanáil bainistithe riosca tubaistí trasearnála ar leibhéal an Aontais;

(f) Tacú leis na Ballstáit feasacht a mhúscailt, faisnéis phoiblí a scaipeadh agus oideachas a chur ar fáil, agus lena n-iarrachtaí maidir le faisnéis phoiblí a sholáthar ar chórais foláirimh, lena n-áirítear ar leibhéal trasteorann;

(g) Tacú leis na Ballstáit spriocanna an Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí i réimse na cosanta sibhialta;

(h) Gníomhaíocht choisctheach bhreise tacaíochta agus chomhlántach a dhéanamh, ar gníomhaíocht í is gá a dhéanamh chun an cuspóir a shonraítear i bpointe (a) d'Airteagal 4(2) a bhaint amach.

ROINN 2
GNÍOMHAÍOCHTAÍ FOTHAITHE ACMHAINNEACHTA INCHÁILITHE FÉIDEARTHA (LIOSTA NEAMH-UILEGHABHÁLACH)

Gníomhaíochtaí lena gcomhlíontar an cuspóir a leagtar síos i bpointe (b) d'Airteagal 4(2):

(a) Gníomhaíochtaí lena n-éascaítear próiseáil agus scaipeadh eolais, ceachtanna foghlamtha, agus faisnéise atá ábhartha maidir le Sásra an Aontais, lena n-áirítear trí uirlisí tiomnaithe ar líne;

(b) Cláir cúnaimh theicniúil agus airgeadais, lena n-áirítear deontais;

(c) Cláir oiliúna agus cleachtaí a bhunú agus a bhainistiú maidir le cosaint shibhialta, cosc, ullmhacht agus pleanáil freagartha do bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, lena n-áirítear frithbhearta leighis a bhainistiú, an comhar sibhialta-míleata, agus clár um malartú saineolaithe le haghaidh pearsanra cosanta sibhialta agus bainistithe tubaistí;

(d) Clár a bhunú agus a bhainistiú maidir leis an nglacadh le torthaí taighde agus nuálaíochta, agus tabhairt isteach agus úsáid cineálacha nua ábhartha cur chuige nó teicneolaíochtaí nó an dá rud sin a spreagadh chun críoch Shásra an Aontais, lena n-áirítear chun iad a fháil;

(e) Gníomhaíocht choisctheach bhreise tacaíochta agus chomhlántach a dhéanamh, ar gníomhaíocht í is gá a dhéanamh chun an cuspóir a shonraítear i bpointe (b) d'Airteagal 4(2) a bhaint amach.

ROINN 3
GNÍOMHAÍOCHTAÍ ULLMHACHTA INCHÁILITHE FÉIDEARTHA (LIOSTA NEAMH-UILEGHABHÁLACH)

Gníomhaíochtaí lena gcomhlíontar an cuspóir a leagtar síos i bpointe (c) d'Airteagal 4(2):

(a) LCPF agus uirlisí an lárionaid a bhainistiú, lena n-áirítear CECIS;

(b) Oibriú i gcomhar leis na Ballstáit córais bhraite thrasnáisiúnta agus córais luathrabhaidh a bhfuil leas ag an Aontas iontu a fhorbairt agus a chomhtháthú chun éifeachtaí láithreacha tubaistí a mhaolú;

(c) Oibriú i gcomhar leis na Ballstáit chun uirlisí a fhorbairt lena gcuirtear faisnéis phoiblí ar fáil maidir le foláirimh leanúnacha san Eoraip;

(d) Oibriú i gcomhar leis na Ballstáit chun feasacht staide agus cumas anailíse a choinneáil ar bun agus a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear saineolas comhairleach eolaíoch agus teicniúil, agus faisnéis eolaíoch a aistriú ina faisnéis oibríochtúil;

(e) Oibriú i gcomhar leis na Ballstáit chun faireachán a dhéanamh ar thubaistí agus, i gcás inarb ábhartha, ar thionchair an athraithe aeráide, agus comhairle atá bunaithe ar eolas eolaíochta a chur ar fáil ina dtaobh;

(f) Oibriú i gcomhar leis na Ballstáit chun comhpháirtíochtaí eolaíochta Eorpacha a chruthú, a choinneáil ar bun agus a fhorbairt chun guaiseacha nádúrtha agus guaiseacha de dhéantús an duine a chumhdach, an nascacht idir córais luathrabhaidh náisiúnta agus córais foláirimh náisiúnta, agus nascacht na gcóras sin le LCPF agus le córais TF ábhartha eile, a chur chun cinn;

(g) Tacú le hiarrachtaí na mBallstát agus eagraíochtaí idirnáisiúnta sainordaithe a bhfuil eolas eolaíoch acu, glacadh le teicneolaíochtaí nuálacha agus saineolas;

(h) Comhordú réamhshuí acmhainneachtaí freagartha do thubaistí na mBallstát laistigh den Aontas a éascú;

(i) Acmhainneachtaí freagartha a shuí agus a chomhordú arna iarraidh sin do Bhallstát, lena n-áirítear chun críche oiliúna, cleachtaí, malartaithe eolais agus chun idir-inoibritheacht acmhainneachtaí a foirne idirghabhála a fheabhsú;

(j) Tacú le hiarrachtaí chun idir-inoibritheacht modúl agus acmhainneachtaí freagartha eile a fheabhsú, agus dea-chleachtais ar leibhéal na mBallstát agus ar an leibhéal idirnáisiúnta á gcur san áireamh;

(k) Na gníomhaíochtaí is gá, laistigh dá réimse inniúlachta, a dhéanamh chun tacaíocht óstnáisiúin a éascú, lena n-áirítear treoirlínte maidir le tacaíocht óstnáisiúin a fhorbairt agus a nuashonrú, i gcomhar leis na Ballstáit, ar bhonn taithí oibríochtúil;

(l) Tacú leis na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, maidir le tubaistí atá ag tarlú laistigh dá gcríocha trí fhoráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht comhpháirtíochtaí eolaíochta Eorpacha a úsáid le haghaidh anailís eolaíoch spriocdhírithe. Féadfar na hanailísí a eascraíonn as sin a chomhroinnt trí CECIS, le comhaontú ó na Ballstáit a ndéantar difear dóibh;

(m) Gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt agus in-imscarthacht an Díorma Eorpaigh um Chosaint Shibhialta a dhéanamh, ar gníomhaíochtaí iad a fhéadfar a chistiú ag ráta suas le 100 %, lena n-áirítear an méid seo a leanas a chumhdach:

  (i) costais oiliúna agus cleachtaí, lena n-áirítear do phearsanra míleata,

  (ii) costais chlárúcháin agus deimhniúcháin,

  (iii) costais oiriúnaithe chun acmhainneachtaí freagartha LCPF a uasghrádú nó a dheisiú, lena n-áirítear costais a bhaineann le hinoibritheacht, idir-inoibritheacht modúl agus acmhainneachtaí freagartha eile, uathriail, neamhthuilleamaíocht, iniomparthacht, pacáistíocht, slándáil agus na costais eile is gá, ar choinníoll go mbaineann siad go díreach le rannpháirtíocht sa Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta.

(n) Gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt, cothabháil agus in-imscarthacht rescEU a dhéanamh, ar gníomhaíochtaí iad a fhéadfar a chistiú ag ráta suas le 100 %, lena n-áirítear an méid seo a leanas a chumhdach:

  (i) trealamh,

  (ii) cothabháil, lena n-áirítear deisiú,

  (iii) árachas,

  (iv) oiliúint,

  (v) trádstóráil,

  (vi) clárú agus deimhniú,

  (vii) tomhaltáin,

  (viii) an pearsanra is gá chun infhaighteacht agus in-imscarthacht acmhainneachtaí rescEU a áirithiú.

(o) Gníomhaíocht choisctheach bhreise tacaíochta agus chomhlántach a dhéanamh, ar gníomhaíocht í is gá a dhéanamh chun an cuspóir a shonraítear i bpointe (c) d'Airteagal 4(2) a bhaint amach.

ROINN 4
GNÍOMHAÍOCHTAÍ FREAGARTHA INCHÁILITHE FÉIDEARTHA (LIOSTA NEAMH-UILEGHABHÁLACH)

(1) Gníomhaíochtaí lena gcomhlíontar an cuspóir a leagtar síos i bpointe (d) d'Airteagal 4(2), a fhéadfar a chistiú ag ráta suas le 75 %:

(a) iompar cúnaimh a thairgtear go spontáineach agus nach bhfuil cláraithe sa Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta ná in rescEU agus a bhfuil gá leis chun freagairt do thubaiste;

(b) rochtain ar threalamh, acmhainní iompair agus lóistíochta agus seirbhísí i bhfoirm rochtana ar an margadh tráchtála nó foinsí eile tríd an gCoimisiún, amhail seirbhísí iompair a fhaightear ó eintitis phríobháideacha nó ó eintitis eile;

(c) tacaíocht cosanta sibhialta do chúnamh consalach do shaoránaigh den Aontas le linn tubaistí i dtríú tíortha, i gcás ina mbeidh an ráta cómhaoiniúcháin deiridh forchéimnitheach agus ag brath ar an líon saoránach éagsúil den Aontas atá ar bord.

(2) Gníomhaíochtaí lena gcomhlíontar an cuspóir a leagtar síos i bpointe (d) d'Airteagal 4(2), a fhéadfar a chistiú ag ráta suas le 100 %:

(a) rochtain ar threalamh, acmhainní iompair agus lóistíochta agus seirbhísí i bhfoirm rochtana ar an margadh tráchtála nó foinsí eile a thairgeann na Ballstáit, amhail seirbhísí iompair a fhaightear ó eintitis phríobháideacha nó ó eintitis eile;

(b) rochtain ar acmhainní iompair agus lóistíochta, i gcás inar gá sin chun comhthiomsú chúnamh na mBallstát nó rescEU a dhéanamh éifeachtach ó thaobh oibríochta de agus i gcás ina mbaineann na costais le ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

(i) trádstóráil ghearrthéarmach nó acmhainneacht lóistíochta níos fadtéarmaí chun an cúnamh ó na Ballstáit a stóráil ar bhonn sealadach agus a bhainistiú d'fhonn a n-iompar comhordaithe a éascú,

(ii) iompar agus lóistíocht ón mBallstát a chuireann an cúnamh ar fáil don phointe ag a bhfuil an t-iompar comhordaithe ar siúl,

(iii) cúnamh na mBallstát a chomhordú, a láimhseáil, agus a athphacáistiú chun lánúsáid a bhaint as na hacmhainneachtaí iompair atá ar fáil nó chun riachtanais shonracha oibríochtúla a chomhlíonadh,

(iv) iompar áitiúil, agus idirthuras cúnaimh chomhthiomsaithe d'fhonn seachadadh comhordaithe ag an gceann scríbe sa tír dá ndéantar difear a áirithiú,

(v) iompar an chúnaimh chomhthiomsaithe ón bpointe ag a ndéantar an ghníomhaíocht comhthiomsaithe go dtí an ceann scríbe deiridh sa tír dá ndéantar difear,

(c) iompar cúnaimh a thairgtear go spontáineach agus nach bhfuil cláraithe sa Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta agus a bhfuil gá leis chun freagairt do ghéarchéim, mar a leagtar amach in Airteagal 29(3);

(d) iompar a thairgeann na Ballstáit, lena n-áirítear trí acmhainní míleata, d'aon chúnamh is gá chun freagairt do thubaiste nó do ghéarchéim i gcásanna eisceachtúla agus cuí-réasúnaithe, i gcás nach bhfuil aon tairiscint iompair tráchtála ar fáil;

(e) gníomhaíochtaí is gá chun iompar a eagrú chun aslonnú leighis a dhéanamh, i gcás ina mbaineann na costais le ceann amháin de na nithe seo a leanas:

(i) iompar an othair, lena n-áirítear a chompánaigh, a chúramóirí nó a chaomhnóirí dlíthiúla ón tír dá ndéantar difear go dtí an tsaoráid leighis idirthurais nó chuig mol aslonnaithe leighis, lena n-áirítear iompar agus idirthuras áitiúil,

(ii) saoráidí a úsáid nó a bhunú agus a bhainistiú chun glacadh le hothair agus bail sheasmhach a chur orthu, lena n-áirítear costais oibriúcháin a bhaineann le trealamh leighis agus leis an bhfoireann is gá chun othair a iompar ina dhiaidh sin,

(iii) costais oibriúcháin na mball foirne fíor-riachtanach a ghabhann leis an aslonnú leighis, lena n-áirítear imscaradh foirne measúnaithe leighis,

(iv) soláthairtí leighis agus tomhaltáin a sholáthar, rochtain ar threalamh lena úsáid sna moil nó le linn an aslonnaithe leighis.

(f) iompar a éascú chun acmhainneachtaí freagartha a réamhshuí ar bhonn sealadach agus a chomhordú.

(g) iompar agus costais eile a éascú chun críche leithdháilte cúltaca agus comhordaithe acmhainneachtaí freagartha le linn tréimhsí ina bhfuil riosca séasúrach méadaithe ann;

(h) gníomhaíocht bhreise riachtanach tacaíochta agus chomhlántach a dhéanamh chun comhordú na freagartha a éascú ar an mbealach is éifeachtaí;

(i) gníomhaíocht choisctheach bhreise tacaíochta agus chomhlántach a dhéanamh, ar gníomhaíocht í is gá a dhéanamh chun an cuspóir a shonraítear i bpointe (d) d'Airteagal 4(2) a bhaint amach;

(3) Gníomhaíochtaí lena gcomhlíontar an cuspóir a leagtar síos i bpointe (d) d'Airteagal 4(2), a fhéadfar a chistiú ag ráta suas le 100 %:

(a) iompar a éascú agus tacú le hoibriú acmhainneachtaí cláraithe LCPF;

(b) iompar a éascú agus tacú le hoibriú acmhainneachtaí rescEU;

(c) ullmhú le haghaidh shlógadh agus sheoladh na bhfoirne saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 33(1) agus acmhainneacht bhorrtha a fhorbairt

agus a choinneáil ar bun trí líonra de shaineolaithe oilte de chuid na mBallstát;

(d) a áirithiú go mbeidh tacaíocht theicniúil agus lóistíochta ar fáil, lena n-áirítear imscaradh TAST, do na saineolaithe agus do na foirne saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 33(1).

ROINN 5

GNÍOMHAÍOCHTAÍ FREAGARTHA TRASEARNÁLA DO GHÉARCHÉIMEANNA INCHÁILITHE FÉIDEARTHA (LIOSTA NEAMH-UILEGHABHÁLACH)

Gníomhaíochtaí lena gcomhlíontar an cuspóir a leagtar síos i bpointe (e) d'Airteagal 4(2):

aon ghníomhaíocht freagartha nó aon ghníomhaíocht bhreise tacaíochta agus chomhlántach is gá chun freagairt do ghéarchéim.